1. I gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na dtreoirlínte faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an beartas frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Bainistíochta Ghaelscoil Chnoc Liamhna mar chuid de chód iompair iomlán na scoile. Géilleann an beartas go huile agus go hiomlán do riachtanais *Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* a foilsíodh i Meán Fómhair 2013.

2. Aithníonn an Bord Bainistíochta a thromchúisí is atá iompar bulaíochta agus a dhiúltaí is a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtais seo a leanas agus iompar bulaíochta á chosc agus á chomhrac.

- Cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil:-
    - ina nglactar go fonnmhar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
    - ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach; agus
    - ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal na scoile; (Aguisín 1)
- Ceannaireacht éifeachtach;
- Cur chuige scoile uile;
- Tuiscint i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige.
- Feidhmiú straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt)
    - a chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí; agus
    - ina dtéitear i ngleic go sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach;.
- Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
- Tacaíochtaí don fhoireann;
- Teagmhais bhulaíochta a thaifeadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid); agus
- Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí is atá an beartas frithbhulaíochta.

3. I gcomhréir le *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht:

An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus **a dhéantar arís agus arís eile.**

**Áirítear na cineálacha iompair bhulaíochta seo a leanas ar an sainmhíniú ar bhulaíocht:**

a) **Duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidrimh bhulaíochta idir dhaoine;**

b) **Cibearbhulaíocht;**

c) **Bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíócht mar gheall ar aithne inscne, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar reiligiún, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil/ grúpa eile agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige. D'fhéadfaí tuilleadh a chur leis an liosta seo.**

d) **Ag glaoch ainmneacha go seasmhach.**

e) **Damáiste don mhaoin.**

f) **Ionsaí fisiciúil.**

g) **Imeaglú.**

h) **Sracaireacht.**

**Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar bhulaíocht teagmhais aonraithe nó teagmhais aon uair d'iompar diúltach d'aon turas, lena n-áirítear téacsteachtaireacht mhaslach nó ghoilliúnach aon uair nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus deánfar déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.**

**Ach, i bhfianaise an bheartais seo, féachfar ar theachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uair ar shuíomh gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta.**

**Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoile.**

4. Tugtar "**an múinteoir ábharta**" ar an mhúinteoir a dheánfaidh bulaíocht a imscrúdú agus a dhéileálfaidh léi.

   Is é/í **an múinteoir ranga an múinteoir ábhartha**.

   Is féidir le páiste nó tuismitheoir imní faoi bhulaíocht a phlé le haon mhúinteoir sa scoil.

   Ba chóir do mhúinteoirí cur chuige neamh – mhóthúchánach réitithe fadhbanna a ghlacadh.

   Agus é/í ag fiosrú agus ag láimhseáil na bulaíochta, tabharfaidh an múinteoir ábhartha a b(h)reithiúnas féin féachaint ar tharla bulaíocht nó nár tharla agus conas is fearr an cás a réiteach.

5. Seo a leanas na straitéisí oideachais agus coiscthe a bheidh in úsáid sa scoil:

   **Cur chuige na scoile ina hiomláine**

| Na céimeanna a thógtar | Cé a dheánann? | Cathain? |
|---|---|---|
| Deánfaidh gach duine ar an bhfoireann meas ar gach ball de phobal na scoile a chothú | An fhoireann ar fad | I rith na scoilbhliana |
| Luach na héagsúlachta a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar dhearcaí claonta agus chun aird a tharraingt ar a dhoghlactha is atá iompraíocht bhulaíochta | An fhoireann ar fad | I rith na scoilbhliana |
| Féinmheas agus meas ar gach duine a chothú agus a fheabhsú trí labhairt faoi ag an tionól seachtainiúil. | Príomhoide | I rith na scoilbhliana |

| | | |
|---|---|---|
| Forbairt ghairmiúil don fhoireann go léir i dtaca leis an mbulaíocht d'fhonn a chinntiú go mbeidh tuiscint ag an bhfoireann ar fad ar cad is bulaíocht ann, ar an gcaoi a dtéann sí i bhfeidhm ar shaol na ndaltaí agus ar an ngá a bhíonn ann freagairt di agus í a chosc. Athbhreithniú bliantúil ar gánna CPD na múinteoirí, le heolas a bhailiú faoi na scileanna agus an taithí atá ag múinteoirí na scoile. | An fhoireann ar fad | I rith na scoilbhliana |
| Forbairt agus cur chun cinn mheasa a chur chun cinn I gCód Iompair nu ana scoile. Beidh meas mar bhunchloch den pholasaí seo agus beidh smaointe na ndaltaí faoi cad is meas ann, tógtha san aireamh agus muid ag scríóbh an polasaí nua. | An Pobal Scoile | I rith na scoilbhliana |
| Féachfaidh an scoil, go háirithe, i leith riachtanais bhreise na ndaltaí SEN maidir le cláir a chur i bhfeidhm agus scileanna agus straitéisí a fhorbairt a chuirfeadh ar chumas gach dalta freagairt go cuí. | An fhoireann ar fad | I rith na scoilbhliana |
| Cultúr insinte a spreagadh, agus béim faoi leith ar thábhacht na bhfinnéithe. Ar an gcaoi sin beidh muinín ag daltaí as a bheith ag insint. Tá gné seo na muiníne ríthábhachtach. Ba chóir a chur in iúl go soiléir do gach dalta agus iad ag tuairisciú eachtraí bulaíochta nach ag insint ná ag sceitheadh atá said ach ag gníomhú go freagrach. Deimhin a dhéanamh de go dtuigeann finnéithe an tábhacht a bhaineann lena bhfeiceann said nó lena bhfuil ar eolas acu faoin mbulaíocht atá ar bun a insint. | Múinteoirí ranga | I rith na scoilbhliana |
| Deimhin a dhéanamh de go mbeidh a fhios ag daltaí cé dó ba choir dóibh a insint agus conas é a dhéanamh, e.g.:<br>• Dul caol díreach chuig múinteoir ag am feiliúnach, mar shampla tar éis ranga.<br>• Nóta a thabhairt isteach leis an obair bhaile.<br>• Iarraidh ar thuismitheoir(í)/ar chaomhnóir(í) nó ar chara insint. | Múinteoirí ranga | I rith na scoilbhliana |
| Uair sa téarma deánfaidh daltaí Rang a 1 go Rang a 6 Foirmeacha B4 a líonadh. | Múinteoirí ranga | I rith na scoilbhliana |
| Na daltaí a chur ar an eolas faoi ár bPolasaí um Úsáid Inghlactha agus ár bPolasaí faoi fón póca chun cinnte a dheánamh de go mbainfear úsáid cheart as teicneolaíocht sa scoil. | Múinteoirí ranga | I rith na scoilbhliana |
| Maoirseacht agus monatóireacht oiriúnach ar sheomraí ranga, ar dhorchlaí, ar thalamh na scoile, ar thurasanna scoile agus ar ghníomhaíochtaí seach-churaclaim. Tabharfar ar bhaill foirne nach mbíonn ag teagasc agus ar bhaill eile a bheith san airdeall agus eachtraí a chur in iúl do na múinteoirí ábhartha. Beidh maoirseacht i gceist leis i dtaca leis an úsáid a bhaineann daltaí as teicneolaíocht cumarsáide sa scoil. | Múinteoirí ranga | I rith na scoilbhliana |
| Deánfar Polasaí Frithbhulaíochta na scoile á phlé leis na daltaí agus beidh sé ar fáil ar shuíomh idirlín na scoile. | Múinteoirí ranga | I rith na scoilbhliana |
| **Curaclam**<br>• Cuir i ngníomh iomlán an churaclaim OSPS. .<br>• Beidh na cláir seo a leanas á múineadh i ngach rang: OCG / Bí Sábháilte / Misneach<br>• Ceacht OSPS ón nGarda Pobail do ranganna 4, 5, 6. Pléann an chaint seo le ceisteanna a bhaineann le sábháilteacht phearsanta agus cibearbhulaíobcht.<br>• Ceardlann do dhaltaí na scoile uair sa dá bhliain faoi chontúirtí na meáin sóisialta. | Múinteoirí ranga<br><br>Cainteoir seachtrach | I rith na scoilbhliana |

6. Seo a leanas straitéisí na scoile chun iompar bulaíochta a imscrúdú, chun obair leantach a dhéanamh ina dtaobh agus chun iompar bulaíochta a thaifeadadh mar aon leis na straitéisí idirghabhála bunaithe a úsáidfidh an scoil chun déileáil le cásanna d'iompar bulaíochta.

## Gnásanna chun Bulaíocht a Fhiorsrú agus Láimhseáil

Is í an phríomhaidhm a bhaineann le bulaíocht a fhiosrú agus a láimhseáil ná ceisteanna a réiteach agus an caidreamh idir na páirtithe a shlánú, a oiread agus is féidir (seachas **milleán** a leagan ar dhuine);

Ní mór do ghnásanna na scoile cloí leis an gcur chuige seo a leanas. Déanfar gach iarracht a chinntiú go dtuigfidh gach duine atá rannpháirteach (daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí san áireamh) an cur chuige sin ón tús.

### Iompraíocht Bhulaíochta a Thuairisciú

- Féadfaidh dalta nó tuismitheori(í)/caomhnóir(í) ar bith iompar bualaíochta a chur in iúl do mhúinteoirí ar bith sa scoil.
- Fiosróidh agus láimhseálfaidh an múinteoir ábhartha gach tuairisc, ina measc tuairiscí anaithnide.
- Ní mór do bhaill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc, rúnaithe, cúntóirí riachtanas speisialta airígh, glantóirí aon eachtraí d'iompraíocht bhulaíochta a fheiceann said nó a luaitear leo a chur in iúl don mhúinteoir ábhartha.

### Eachtraí a Fhiosrú agus Láimhseáil – an Cur Chuige

(a) i) Ba chóir do mhúinteoirí cur chuige fionnuar neamh-mhóthúchánach réitithe fadhbanna a ghlacadh.
Ba chóir eachtraí a láimhseáil, a oiread agus is féidir, lasmuigh den seomra ranga d'fhonn príobháid gach rannpháirtí a chinntiú.

ii) Ní mór do gach ball foirne cuntas i scríbhinn a choinneáil d'eachtraí a fheiceann said nó a chuirtear in iúl dóibh. Ní mór gach eachtra a thuairisciú don mhúinteoir ábhartha.
Ní mór don mhúinteoir ábhartha gach tuairisc, lena n-áirítear tuairiscí anaithnide, de bhulaíocht a fhiosrú agus a láimhseáil, cuntas i scríbhinn a choinneáil ar na tuairiscí, ar na gníomhartha a glacadh agus ar aon phlé a rinneadh leis na rannpháirtithe.
Deántar gach ní a chlárú sa chomhad atá ag gach dalta. Má dheántar an tuairisc sa chlós, déanann an múinteoir atá ar dualgas clóis é a chlárú sa leabhar 'Eachtraí sa Chlós' agus cuireann sé/sí an múinteoir ábhartha ar an eolas nuair atá na páistí ag filleadh ar an rang.

iii) Ní mór don mhúinteoir ábharta gach eachtra atáthar a fhiosrú a chur in iúl don phríomhoide agus don phríomhoide tanáisteach.

iv) Baineann an múinteoir ábhartha úsáid as an Fhoirm B1 chun an tuairisc a fhiosrú.

Agus eachtraí d'iompraíocht bhulaíochta á n-anailísiú, déanfaidh an múinteoir ábhartha iarracht na ceisteanna cén rud, cén áit, cén duine, agus cén fath a fhreagairt. Déanfar é go deas suaimhneach, agus sampla á thabhairt den chaoi ar choir déileáil le coinbhleacht gan dul i muinín na forrántachta.

Má bhíonn grúpa i gceist, cuirfear agallamh ar gach duine acu ar dtús. Ina dhiaidh sin, buailfear leo mar ghrúpa. Ag an gcruinniú leis an ngrúpa, iarrfar ar gach duine acu a c(h)untas féin a thabhairt ar ar tharla d'fhonn a chinntiú go dtuigeann gach duine sa ghrúpa ráitis na ndaoine eile go soiléir.

Tabhafar tacaíocht do gach ball den ghrúpa i dtaca leis an mbrú a d'fhéadfadh a theacht orthu ó bhaill eile an ghrúpa tar éis an agallaimh leis an múinteoir.
Iarrfar orthu siúd a bhí i gceist cuntas a scríobh ar ar tharla. Coimeádfar iad seo sa chomhad.

v) Tabharfaidh an múinteoir ábhartha a b(h)reithiúnas féin faoi ar tharla bulaíocht nó nár tharla. Má shocraíonn sé/sí nach bhfuil aon fhianaise go bhfuil bulaíocht i gceist cláraíonn sé/sí é sa chomhad.

"Fuair mé tuairisc ó ____________ gur tharla _________________ ar ___(dáta)______.
Tar éis an scéal a fhiosrú ar __(dáta)_______ níl aon fhianaise fáighte agam gur tharla a léithéid".

Cuireann an múinteoir ábhartha é seo in iúl don Phríomhoide agus don Phríomhoide Tanáisteach. Más ó thuismitheoir a fuairtheas an tuairisc, déanfaidh an múinteoir ábhartha teagmháil leis/léi chun torthaí an fhiosrúcháin a phlé. Deánfaidh an múinteoir ábhartha teagmháil freisin le tuismitheoirí na ndaltaí chun a rá go raibh fiosrúchán ar siúl.

(b) **Nuair a thugann fiosrúchán le fios gur tharla bulaíocht**.

(i) Bainfidh an múinteoir ábhartha úsáid as suirbhé i bhFoirmeacha B1 agus B2 chun an tuairisc a fhiosrú.

Cuirfidh an múinteoir ábhartha agallamh ar gach páiste ag lorg freagraí ar na ceisteanna cén rud, cén áit, cén uair, cé agus cén fáth. Tar éis labhairt le gach páiste ina (h)aonair, beidh cruinniú ag an mhúinteoir ábhartha leis an ngrúpa ionas go dtuigeann gach duine sa ghrúpa ráitis na ndaoine eile go soiléir.

(ii) Déanann an múinteoir ábhartha teagmháil le tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) na bpáirtithe go luath d'fhonn an tarlúint a chur in iúl dóibh agus miniú a thabhairt ar na gníomhartha a mbeifear á ndéanamh. Tabharfaidh an scoil deis do thuismitheoirí/do chaomhnóiri plé a dhéanamh ar na bealaí lenar féidir leo tacú leis na gníomhartha atá an scoil a dhéanamh agus leis na tacaí atáthar á gcur ar fáil do dhaltaí.

(iii) Cuirfidh an múinteoir ábhartha in iúl go soiléir don bpáiste an sárú a rinne sé/sí ar bheartas frithbhulaíochta na scoile agus déanfar iarracht tabhairt ar/uirthi an cás a fheiceáil ó dhearcadh an dalta a d'fhulaing na bulaíochta. Cuirfear na tuistí ar an eolas.

Iarrfaidh an múinteoir ábhartha ar an bpáiste/páistí Foirm B3 "Mo Ghealltanas" a shíniú.

Deántar gach eolas a chlárú sa chomhad.

(iv) Iarrtar ar gach páiste a bhí bainteach leis an eachtra bulaíochta Foirm B4 agus Foirm B5 a líonadh.

Coimeádtar iad seo sa chomhad.

(v) Má bhriseann an dalta an gealltanas, síníonn an dalta an dara Gealltanas (Foirm B3) agus síníonn an tuismitheoir/caomhnóir an gealltanas seo freisin. Ní chuirtear aon smachtbhanna i bhfeidhm ag an bpointe seo.

(vi) Agus cinneadh á dhéanamh ar déileáladh go cuí agus go leordhóthanach leis an gcás bulaíochta, ní mór don mhúinteoir ábhartha, agus breithiúnas gairmiúil á thabhairt aige/aici, na cúinsí seo a leanas a ghlacadh san áireamh:

- An bhfuil deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta;
- An bhfuil ceisteanna idir na páirtithe réitithe, a oiread agus is féidir;
- An bhfuil caidreamh idir na páirtithe slánaithe, a oiread agus is féidir;
- Aiseolas ar bith a fuarthas ó na páirtithe rannpháirteacha, óna dtuismitheoirí, a gcaomhnóir(í) nó ón bPhríomhoide nó ó Phríomhoide Tanáisteach na scoile;

(vii) Ní mór don mhúinteoir ábhartha an teimpléad cuí in Aguisín 3 a úsáid chun an iompraíocht bhulaíochta a chuntas sna cúinsí seo a leanas:

(a) I gcásanna gur dóigh leis/léi nár déileáladh go cuí ná go leordhóthanach leis an iompraíocht bhulaíochta laistigh de 20 lá scoile tar éis dó/di a chinneadh gur tharla iompraíocht bhulaíochta agus.

(b) I gcásanna gur chóir an iompraíocht bhulaíochta a thuairisciú láithreach don Phríomhoide agus don Phríomhoide Tanáisteach.

Na hiompraíochtaí a chaitear a chuntas agus a thuairisciú láithreach bonn don phríomhoide.

- **Ciapadh:** Teachtaireachtaí oilc, suaracha nó gáirsiúla a sheoladh chuig duine go leanúnach.
- **Pearsanú:** Teachtaireachtaí maslaitheacha nó forrántacha a phóstáil faoi ainm duine eile.
- **Gríosadh:** úsáid a bhaint as focal gháirsiúla nó ghríosaitheacha chun troid ar líne a spreagadh.
- **Cleasaíocht:** Dallamullóg a chur ar dhuine eolas pearsanta a roinnt agus an t-eolas sin a úsáid ar líne ina dhiaidh sin.
- **Sceitheadh:** Eolas nó íomhánna rúnda a phostáil nó a roinnt
- **Leithcheal:** Leithcheal a dhéanamh ar dhuine ó ghrúpa ar líne d’aon ghnó
- **Tathant** ar dhuine a bhfuil claonadh gnéasach difriúil aige/aici
- **Leasainmneacha** a ghlaoch.
- **Imeaglú** fisiciúil nó ionsaí
- **Idirdhealú**, réamhchlaonadh, ráitis nó maslaí a bhaineann le cine, náisiúntacht, cultúr, aicme shóisialta, creideamh, cúlra eitneach nó an Lucht Taistil.
- **Tathant** ar dhaoine eile mar gheall ar a mhíchumas nó riachtanais foghlama.

Coimeádann an Príomhoide cóip den fhoirm agus coimeádann an múinteoir ábhartha cóip sa chomhad.

**Má bhriseann an páiste an dara gealltanas, leanfaidh an múinteoir ábhartha an nós imeachta le dealáil le mí-iompar tromchúiseach mar atá ráite sa Chód Iompair.**

**I gcás mí-iompar tromchúiseach leanfar na céimeanna seo a leanas:**

1. Eagrófar cruinniú foirmiúil leis na tuismitheoirí (agus leis an bpáiste más gá). Beidh an múinteoir ranga, an Príomhoide agus an Príomhoide Tanáisteach i láthair.
2. Ag an gcruinniú déanfar an mí-iompar tromchúiseach a phlé agus déanfar iarracht déileáil leis an eachtra le comhoibriú na dtuismitheoirí agus an pháiste.
3. Más gá, cuirfear Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ar an eolas agus iarrfar ar na tuismitheoirí freastal ar chruinniú leis an múinteoir ranga, an Príomhoide, an Príomhoide Tanáisteach agus leis an gCathaoirleach (nó ionadaí ón mBord Bainistíochta)
4. Cuirfear an páiste ar fionraí nó déanfar an páiste a dhíbirt ón scoil nuair a theipeann ar gach iarracht eile chun déileáil leis an mhí-iompar. Cuirfear tuismitheoirí an pháiste ar an eolas faoin bhfionraí i scríbhinn.

**Fionraí Láithreach**

I gcúinsí eisceachtúla féadfaidh an Príomhoide a bhreithniú go bhfuil fionraí láithreach oiriúnach i gcás ina léireofaí go mbeadh láithreacht leantach an pháiste ag an am sin mar fhíor bhagairt do shábháilteacht na bpáistí nó foirne na scoile, nó do dhuine ar bith eile. Deánfar gnáthaimh chóra a chur i bhfeidhm i gcónaí.

**Fionraí**

Déanfaidh an scoil gach iarracht de réir an Chóid Iompair sula gcuirfear páiste ar fionraí/sula ndéanfar é a dhíbirt ón scoil. Déanfar an páiste a chur ar fionraí de réir théarmaí Rialacha 130(5) le haghaidh Scoileanna Náisiúnta agus de réir An Acht Leasa Oideachais. Cuirfear an mí-iompar in iúl láithreach don Phríomhoide agus don Chathaoirleach agus ceadófar fionraíocht. Tá cead ón mBord Bainistíochta ag an bPríomhoide téarma fionraíochta de thrí lá a chur i bhfeidhm. Caithfear cead an Bhord Bainistíochta a fháil le fionraíocht sa bhreis ar an trí lá a chur i bhfeidhm. Is féidir an cead seo a fháil ag gnáth chruinniú Boird nó ag cruinniú práinneach ina gcuireann an Cathaoirleach agus an Príomhoide in iúl na fáthanna a gceapann siad go bhfuil sé riachtanach tuilleadh fionraíochta a chur i bhfeidhm. Mar atá leagtha síos i gcoinníollacha an Acht um Leasa Oideachais (2000), cuirfidh an Bord Bainistíochta in iúl don Bhord um Leasa Oideachais má chuirtear páiste ar fionraí ar feadh sé lá nó níos mó.

Nuair a chuirtear páiste ar fionraí, iarrfar ar thuismitheoirí an páiste a thógáil abhaile ón scoil.  Buailfidh an Príomhoide le tuismitheoirí an pháiste chun fionraíocht an pháiste a shoiléiriú dóibh agus tabharfaidh an Príomhoide ráiteas scríofa dóibh de choinníollacha, de thréimhse agus dáta deiridh na fionraíochta.

**Deireadh a chur le Fionraí**
Le linn tréimhse fionraithe ón scoil tá sé de cheart ag na tuismitheoirí iarratas a dhéanamh go nglacfar a bpáiste ar ais sa scoil.  Caithfidh na tuismitheoirí glacadh orthu féin go gcloífidh an páiste a bhí ar fionraí go hiomlán le Cód Iompair na scoile.  Chomh maith leis sin, caithfidh an Príomhoide a bheith sásta nach mbeadh baol ann ó thaobh slándála de do na páistí eile, don fhoireann nó don pháiste féin agus an páiste seo a bheith ar ais ag freastal ar an scoil.  Más gá, rachaidh an Príomhoide i gcomhairle leis an múinteoir ranga, leis na tuismitheoirí agus leis an bpáiste chun plean iompair a ullmhú don pháiste agus tabharfaidh sí cead oifigiúil don pháiste dul ar ais sa rang.  Má thagtar ar réiteach sásúil ar an bhfadhb le linn an tréimhse fionraithe, is féidir leis an gCathaoirleach nó leis an bPríomhoide cead a thabhairt don pháiste filleadh ar ais ar scoil.

**Díbirt**
Tá údarás ag an mBord Bainistíochta páiste a dhíbirt ón scoil más cás tromchúiseach é nó i gcás mhí-iompair a leanann ar aghaidh agus a chuireann isteach ar oideachas pháistí eile nó san áit a bhfuil bagairt ar shláinte agus ar shábháilteacht pháistí agus lucht foirne na scoile.  Déanfar an smachtbhanna seo a chur i bhfeidhm de réir théarmaí an Acht Leasa Oideachais (2000).  Sula ndéanfar páiste a dhíbirt ón scoil déanfaidh an Bord Bainistíochta é seo a chur iúl don Oifigeach Áitiúil Leasa Oideachais (Local Welfare Education Officer) de réir Roinn 24 den Acht Leasa Oideachais.  Má cheapann an Bord Bainistíochta go bhfuil gá leis is féidir leo teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí.

**Rule 130(5) of the Rules for National Schools**

*Where the Board of Management deems it necessary to make provision in the code of discipline to deal with continuously disruptive pupils or with a serious breach of discipline, by authorizing the Chairperson or Principal Teacher to exclude a pupil or pupils from school, the maximum initial period of such exclusion shall be 3 school days.  A special decision of the Board of Management is necessary to authorize a further period of exclusion up to a maximum of 10 school days to allow for consultation with the pupil's or pupils' parents or guardians.  In exceptional circumstances, the Board of Management may authorize a further period of exclusion in order to enable the matter to be reviewed.  (Dept. of Education 'Rules for National Schools' 1965.)*

**Bulaíocht mar chuid de Chontinuum Iompair**
I gcás daltaí faoi leith, is féidir le bulaíocht a bheith ina ghné amháin de chontinuum de dhroch iompar.  Nuair atá deacrachtaí eisceachtúla ag baint le bainistiú iompair páiste, lorgóidh an scoil comhairle ó NEPS.

**Ról an HSE**

I gcás bulaíocht thromchúiseach, leantar treoracha Children First National Guidance for the Protection and Welfare of Children  agus Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary  Schools 2017 agus deántar teagmháil leis an HSE Children and Family Social Services agus/nó leis na Gardaí mar is cuí.

I gcás páiste a bhfuil an scoil buartha faoi, lorgóidh an DLP Comhairle ón HSE faoi thuairisc a sheoladh chucu.

I gcás nach mbíonn tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) sásta gur dhéileáil an scoil leis an gcás bulaíochta de réir na ngnásanna seo, cuirfear gnáthaimh ghearáin na scoile in iúl dóibh.

I gcás gur bhain an/na tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) leas as gnáthaimh ghearáin na scoile agus nach bhfuil siad sásta fós cuirfidh an scoil in iúl dóibh gur féidir leo gearán a dheánamh leis an Ombudsman Leanaí.

7. **Tacaíocht do pháistí a bhfuil bulaíocht tar éis cur isteach orthu**:

Cuirfear gach tacaíocht agus deis in-scoile ar fáil do dhaltaí a fhulaingíonn bulaíocht chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a leagtar amach chun a bhféinmhuinín a mhéadú, cairdeas agus scileanna sóisialta a fhorbairt agus seasmhacht a láidriú, e.g.

- Má bhíonn comhairleoireacht nó tacaíocht bhreise de dhíth ar dhaltaí, déanfaidh an scoil a dícheall dul i gcomhairle leis na ngníomhaireachtaí cuí chun é sin a eagrú. D'fhéadfadh sé gur don dalta a fhulaingíonn an bhulaíocht nó a bhíonn i mbun na hiompraíochta bulaíochta é sin.
- An clár Misneach.
- Gníomhaíochtaí chun cairdeas agus scileanna sóisialta a fhorbairt.

8. **Maoirseacht agus Monatóireacht Éifeachtach ar Dhaltaí**

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil cleachtais agus beartais chuí mhaoirseachta agus mhonatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú más féidir.

9. **An Ciapadh a Chosc**

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praiticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

10. Rinne an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an bpolasaí seo ar an 7/12/22

11. Tá an beartas seo ar fáil do phearsanra na scoile agus do Chairde na Scoile agus foilsíodh é ar shuíomh gréasáin na scoile. Cuirfear cóip den bheartas seo ar fáil don Roinn agus do phátrún na scoile má iarrtar é.

12. Athbhreithneoidh an Bord Bainistíochta an beartas agus a fheidhmiú uair amháin i ngach scoilbhliain. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear é a fáil do Chairde na Scoile. Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh ar fáil don phátrún agus don Roinn, leis, má iarrtar é.

Sínithe: ______________________ (Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)

Sínithe: ______________________ (Príomhoide)

Dáta: 26/11/24

Dáta: 26/11/24

Dáta an chéad athbhreithnithe eile: Beidh an ceann cineáltas I bhfeidhm roimh an céad athbhreithniú eile.

# Aguisún 1

## Tréithe de Chultúr dearfach scoile

- Glacann an scoil leis go bhfuil sé de cheart ag gach ball den phobal scoile a bheith ag obair i dtimpeallacht shábháilte.
- Glacann an scoil leis an difríocht agus an éagsúlacht a bhíonn idir dhaoine agus an fiúntas a bhaineann le gach duine.
- Deánann an scoil gach iarracht féin-mheas, féin-smacht agus freagracht a spreagadh i ngach duine.
- Tá cosc iomlán ar theanga agus ar iompar atá barbartha, tarcaisniúil ná seicteach.
- Deánann an scoil gach iarracht cothromas, cothromas inscne san áireamh, a chur chun cinn.
- Tá sé ar chumas na scoile athruithe cuí a dheánamh le freastal ar riachtanais na ndaltaí.
- Baineann an scoil úsáid éifeachtach as gnéithe den churaclam chun dearcadh dearfach a chothú sna daltaí.
- Tugann an scoil aire faoi leith do pháistí leochaileacha agus deántar freastal ar riachtanais agus ar bhuairimh pháistí ar bhealach atá tuiscineach.
- Tuigeann an scoil a thábhachtaí is atá páirtíocht le tuismitheoirí chun dea-chaidrimh a chothú.
- Tuigeann an scoil an ról atá ag eagrais éagsúla sa phobal chun dealáil le fadhb na bulaíochta.
- Leagann an scoil béin ar mheas ar gach duine agus ar an tuiscint go bhfuil gach duine i bpobal na scoile ag brath ar a chéile.
- Tá freagracht ar ghach ball foirne, faoi threoir an Phríomhoide, bac a chur ar bhulaíocht i bpobal na scoile.

# <u>Aguisún 2</u>

## Ceannaireacht Éifeachtach

- Is gné lámach é ceannaireacht éifeachtach a ghlacann go fonnmhar le difríocht agus le héagsúlacht.
- Tacaíonn an fhoireann go léir le hethós nach nglacann in aon chor le bulaíocht.
- Tabhafaidh an fhoireann go léir dea-shample do na daltaí tríd a gcuid iompair féin. Beidh gach múinteoir cothrom, réasúnta agus comhsheasmhach i gconaí agus iad ag déaláil le cúrsaí smachta.
- Tá sé de dhualgas ar na daoine fásta i bpobal na scoile dea-shompla a thabhairt do na daltaí trína ndea-iompar féin. <u>Tá sé tábhachtach go bhfaigheann daltaí dea-shompla ón gcaidreamh a bhíonn idir tuismitheoirí agus múinteoirí</u>.
- Tá rí-thábhacht le cur chuige scoile uile (ina bhfuil páirt ag bainistíocht na scoile, an fhoireann, tuismitheoirí agus daltaí) nuair atáthar ag plé le fadhb na bulaíochta. Cuireann bulaíocht isteach ní amháin orthu sin atá díreach bainteach leis ach is féidir leis cur isteach ar gach duine sa seomra ranga, sa scoil agus sa phobal.

# Aguisin 3

## Iompraíocht Bhulaíochta

**1. Ainm an pháiste a bhfuil bulaíocht a dheánamh air/uirthí**

Ainm ______________________________ Rang __________________

**2. Ainm(neacha) agus rang(anna) na ndaltaí a bhfuil bulaíocht ar siúl acu**

| |
|---|
| ________________________________________ |
| ________________________________________ |
| ________________________________________ |

**3. An té a chuir imní faoi bhulaíocht in iúl** (cuir tic sa bhosca) *

| | |
|---|---|
| An dalta féin | |
| Dalta eile | |
| Tuismitheoir | |
| Múinteoir | |
| Aon duine eile | |
| | |

**4. Áit ar tharla an eachtra** (cuir tic sa bhosca) *

| | |
|---|---|
| Clós | |
| Seomra ranga | |
| Páirc | |
| Leithreas | |
| Halla na Scoile | |
| Aon áit eile | |

**5. Ainm an duine/na ndaoine a chuir an tuairise faoi bhulaíocht in iúl**

| |
|---|
| |

**6. An cineál iompraíochta bulaíochta** (cuir tic sa bhosca)

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ionsaí fisiciúil | | Cibearbhulaíocht | |
| Damáiste do mhaoin | | Imeaglú | |
| Aonrú/Leitheheal | | Scaipeadh droch scéalta | |
| Ag glach leas ainmneacha | | Aon rud eile (sanraigh) | |

**7. Iompraíochtaí bunaithe ar aitheantas:**

| Homafóbach | Riachtanas Speisialta | Cine | An Lucht Taistil | Aon rud eile (sonraigh) |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**8. Cur síos gear ar an iompraíocht bhulaíochta agus an tionchar atá aige**

| |
|---|
| |

**9. An méid a rinne an múinteoir ábhartha**

| |
|---|
| |

Sínithe: ______________________________ (Múinteoir ábharta) Dáta ________________

Dáta ar tugadh don Phroimoide agus don Phroimhoide Tanáisteach _______________

***Note**: The categories listed in the tables 3, 4 & 6 are suggested and we may add to or amend these to suit our own circumstances.

**B1**

## Feachtas Frith-Bhulaíochta

### Ceistneoir do pháistí an ranga

Tuigim go bhfuil sé gránna/ mí-chothrom a bheith gránna le daoine eile. Tuigim chomh maith gur bulaíocht atá i gceist nuair a tharlaíonn sé ar bhonn rialta/ go minic. **Tá a fhios agam nach mbeidh mé i dtrioblóid agus nach ngearrfar píonós orm mar gheall ar bhulaíocht a dhéanamh má thugaim geallúint é a stopadh agus nach dtarlóidh sé arís. Tá a fhios agam go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh gach duine sona sásta ar scoil.**

**Ainm**: ______________________________ **Rang**: ____________________

Ainmnigh páiste ar bith sa rang a mbíonn daoine eile gránna nó drochbhéasach leis/léi:

______________________________

______________________________

Déan cur síos ar an iompar gránna:

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

Ar chaith tu féin go gránna le duine ar bith acu?

go minic ☐ ☐

anois agus arís ☐ ☐

riamh ☐ ☐

Ainmnigh páiste ar bith i do rang a chaitheann go gránna leo go rialta:

______________________________

______________________________

**Tá gach rud atá scríofa agam fíor**:

**Sínithe ag**: ______________________________ **Dáta**: ____/____/____

**B.2**

## Feachtas Frith-Bhulaíochta

### Agallamh leis an bpáiste a bhfuil an bhulaíocht curtha ina leith

**Ba chóir an t-agallamh seo a reachtáil ar bhonn cairdiúil ar mhaithe le heolas a bhailiú agus gealltúint a fháil**

**Múinteoir**: ______________________________ **Am**: ______________ **Dáta**: ___/___/___

**Ainm an pháiste**: ________________________________ **Rang a**: ___________________

1. An dtuigeann tú gurb é an brí atá le bulaíocht ná a bheith gránna le duine arís agus arís eile, trí ainmneacha a ghlaoch air/ uirthi, trí é/í a bhuaileadh, trí bheith ag cur isteach orthu? _______________________________

2. Táimid ag iarraidh go mbeidh na páistí ar fad i nGaelscoil Chnoc Liamhna, tú féin ina measc, sona sásta ar Scoil. Da mba rud é go raibh páistí sa scoil seo gránna leatsa, dhéanfaimís gach iarracht iad a stopadh. Níor chóir go beadh éinne gránna leatsa. An dtuigeann tú é seo? _______________________________________

3. Rinneamar suirbhé ranga agus táimid anois buartha go bhfuil páiste i do rang ag fulaingt bulaíochta/ atá an-bhrónach mar gheall ar an tslí a bhfuil daoine ag caitheamh leis/ léi.
   An bhfuil ionadh ort faoi seo? ________ Míniú: _______________________________________________

4. Ce a cheapann tú atá ag fulaingt bulaíochta sa rang? ______________________________________________

5. Léiríonn an t-eolas atá bailithe againn go gceapann daoine i do rang go bhfuil tú ag déanamh bulaíochta ar pháiste i do rang. Céard atá déanta agat a thugann an tuaraim seo dóibh? ______________________________
   ________________________________________________________________________________

6. Cén fáth a raibh tú ag caitheamh mar seo leis/ léi? _______________________________________________

7. Ar déanadh bulaíocht ort riamh? _________Ma rinneadh bulaíocht ort, conas a mhothaigh tú?
   ________________________________________________________________________________

8. Samhlaigh dur chaith duine éigin mar sin le do Mham. Conas a mhothódh sí an dóigh leat?
   ________________________________________________________________________________

9. Conas a mhothófá dá mba rud é go raibh daoine ag caitheamh mar seo le do Mham?
   ________________________________________________________________________________

10. An dtuigeann tú anois cé chomh míchothrom is atá sé caitheamh le daoine mar seo?
    ________________________________________________________________________________

11. An raibh a fhios agat go bhfuil sé in aghaidh rialacha na scoile seo bulaíocht a dhéanamh?
    ________________________________________________________________________________

12. Níl sé ar intnn agam an teolas seo ar fad a insint don phríomhoide (an bord Bainistíochta, na Gardaí). Tá sé tábhachtach go dtuigeann tú cé chomh dáiríre is atá an t-agallamh seo. Tá sé níos tábhachtaí arís nach dtarlaíonn an cineál iompair seo riamh arís.

________________________________________________________________________________

13. An bhfuil tú sásta an ghealltúint seo a thabhairt? _______________________________________________

    **Iarrfaidh mé ort anois an litir seo a shíniú (Form B3)**

**B4**

| | | |
|---|---|---|
| **Ainm:** ______________ | **Rang:** ______________ | **Dáta:** _______________ |

# Feachtas Frithbhulaíochta

| | | | |
|---|---|---|---|
| **CRÁ** | **IMNÍ** | **SUAITHEADH INTINNE** | **GORTÚ** |
| **MÍ-CHOTHROM** | | **GRÁNNA** | **MÍOFAR** |

**CINEÁLACHA IOMPAIR**

**Cuir tic sna boscaí le taispeáint conas a mhothaíonn duinne a ndeántar bulaíocht orthu.**

| Eachtra | Is mór an crá é | Cuireann sé imní | Suaitheadh intinne | Gortaíonn Sé | Gránna | Míchothrom | Míofar |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1. Ag tógáil pinn/pinn luaidhe dhuine eile | | | | | | | |
| 2. Ag taispeaínt pictiúir de dhuine ar an idirlíon | | | | | | | |
| 3. Ag buaileadh duine | | | | | | | |
| 4. Ag spochadh as an gcuma atá ar dhuine | | | | | | | |
| 5. Ag scríobh nótaí gránna faoi dhuine | | | | | | | |
| 6. Ag glaoch ainmneacha ar dhuine | | | | | | | |
| 7. Cor coise a chur i nduine | | | | | | | |
| 8. Ag fágáil duine ar lár d'aon ghnó | | | | | | | |
| 9. Ag spochadh as duine faoina mbaile/gclann | | | | | | | |
| 10. Ag cur téacs bagrach chuig duine | | | | | | | |
| 11. Ag scaipeadh ráfla Gránna | | | | | | | |

**B2a**

# Feachtas frith-bhulaíochta

Ainm an pháiste: ______________________________ Rang a ____ Dáta ___/___/___

Ar chaith tú le ___________________ ar cheann ar bith de na bealaí seo a leanas.....

s = sea n= ní hea

**Ó bhéal:**
Ar ghlaoigh tú ainmneacha ____? __
An raibh sé/ sí brónach mar gheall ar rudaí a dúirt tú? __
An ndúirt tú go raibh ____________ dúr?__
An raibh tú ag spochadh as _________ sa rang? __
An raibh tú ag spochadh as ________ sa chlós? __
An raibh tú ag magadh faoin gcuma atá ar ___? __
An ndúirt tú gur 'swat' é/í _______? __
An ndúirt tú rudaí gránna faoi thuismitheoirí ___ ? __

**Scríofa:**
An bhfuil nótaí ghránna scríofa agat faoi ____? __
An bhfuil teachtaireachtaí téacs ghránna faoi ______ seolta agat? __
An bhfuil ábhair magúil faoi _____ curtha ar an t-idirlíne agat? __
An bhfuil teachtaireacht ghutháin náireach fágtha agat faoi _______? __

Treallamh:
Ar thóg tú ábhair _____ gan cead a fháil? __
Ar chuir tú ábhair ____ i bhfollach? __
Ar ghoid tú ábhair _____? __
An ndearna tú domáiste d'ábhair ______? __
An raibh tú ag baint le hábhair _____? __
An ndearna tú iarracht airgead a fháil ó _____? __

Idirdhealú:
Ar chaith tú go gránna le ______ toisc go gceapann tú go bhfuil sí/sé difriúil? __
Ar chaith tú go gránna le ______ mar go gceapann tú nach bhfuil sé/sí 'cosúil linne' __

**Sóisialta:**
An ndearna tú gáire faoi ______ agus é/í in ann tú a chloisteáil? __
Ar lig tú ort nach raibh ____ i láthair? __
Ar fhág tú _____ amach as cluichí? __
Ar fhág tú ______ léi/leis féin sa chlós? __
An bhfuil iarracht déanta agat deacdrachtaí a chruthú idir chairdeas _______ agus ______? __
An raibh tú ag magadh faoi ______ os comhair dhaoine eile? __
An raibh do ghrúpa cairde ag stánadh ar _____? __
Ar chuir tú ina leith go bhfuil rudaí nach bhfuil fíor ráite ag ______? __
Ar scaip tú ráflaí faoi _____? __

**Imeaglú:**
An raibh tú ag stánadh go feargach ar _____? __
An ndearna tú iarracht fearg a chuir ar? __
An ndearna tú bagairt le_____? __
Ar lean tú ______timpeall an chlóis? __
Ar sheol tú téacs bagarthach chuig _____? __
Ar chuir tú brú ar _____ rud nach raibh sé/ sí ag iarraidh a dhéanamh, a dhéanamh? __

Fisiciúíl
Ar chaith tú rudaí le _____? __
Ar tharraing tú gruaig _____? __
Ar sháidh tú peann nó peann luaidhe i ______? __
Ar bhruigh tú ______? __
Ar thug tú sonc do _______? __
Ar tharraing tú cic do ______? __
Ar bhuail tú _____? __
Ar chaith tú uisce ar _____? __
Ar leag tú _____? __
Ar chaith tú seille le _____? __
Ar chuir tú greim-cloigne/glas-cloigne ar ___? __

Eolas bhreise:

# Feachtas frith-bhulaíochta B.3

Ainm: ___________________________Rang: ___________Dáta ___/___/___

Ar chaith tú le ___________________ ar cheann ar bith de na bealaí seo a leanas.....

## Cuir tic sa bhosca in aice le cibé drochiompar a bhí ar siúl agat

**Ó bhéal**:

1. Ar ghlaoigh tú ainmneacha air/uirthi? ☐
2. An raibh sé/ sí brónach mar gheall ar rudaí a dúirt tú? ☐
3. An ndúirt tú go raibh sé/sí dúr? ☐
4. An raibh tú ag spochadh as/aisti sa rang? ☐
5. An raibh tú ag spochadh as/aisti sa chlós? ☐
6. An raibh tú ag magadh faoin gcuma atá air/uirthi? ☐
7. An ndúirt tú rudaí gránna faoi thuismitheoirí an duine seo ? ☐

**Scríofa**:

8. An bhfuil nótaí gránna scríofa agat faoi/fúithi? ☐
9. An bhfuil teachtaireachtaí téacs gránna seolta agat? ☐ 10. An bhfuil ábhair mágúla faoi/fúithi _____ curtha ar an idirlín agat? ☐
11. An bhfuil teachtaireacht náireach fágtha agat ar an ngúthán? ☐

**Treallamh**:

12. Ar thóg tú aon rud gan cead a fháil? ☐
13. Ar chuir tú áon rud i bhfolach? ☐
14. Ar ghoid tú aon rud ón duine seo? ☐
15. An ndearna tú damáiste d'aon rud a bhain leis? ☐
16. An ndearna tú iarracht airgead a fháil uaidh/uaithi? ☐

**Idirdhealú**:

17. Ar chaith tú go gránna le __________ toisc go gceapann tú go bhfuil sí/sé difriúil? ☐
18. Ar chaith tú go gránna le ______ mar go gceapann tú nach bhfuil sé/sí 'cosúil linne'? ☐

**Sóisialta**:

19. An ndearna tú gáire faoi agus é/í in ann tú a chloisteáil? ☐
20. Ar lig tú ort nach raibh _________i láthair? ☐
21. Ar fhág tú ________amach as cluichí? ☐
22. Ar fhág tú é/í leis féin sa chlós? ☐
23. An bhfuil iarracht déanta agat deacrachtaí a chruthú faoin gcairdeas atá idir _______________ agus ___________? ☐
24. An raibh tú ag magadh faoi ___________os comhair daoine eile? ☐
25. An raibh do ghrúpa cairde ag stánadh air/uirthi? ☐
26. Ar chuir tú ina leith go bhfuil rudaí nach bhfuil fíor ráite aige/aici? ☐
27. Ar scaip tú ráflaí faoin duine seo? ☐

**Imeaglú**:

28. An raibh tú ag stánadh go feargach air/uirthi? ☐
29. An ndearna tú iarracht fearg a chuir air/uirthi? ☐
30. An ndearna tú bagairt leis/léi? ☐
31. Ar lean tú ____________timpeall an chlóis? ☐
32. Ar sheol tú téacs bagarthach chuige/chuici? ☐
33. Ar chuir tú brú ar ________rud nach raibh sé/sí ag iarraidh a dhéanamh, a dhéanamh? ☐

**Fisiciúil**:

34. Ar chaith tú rudaí leis/léi? ☐
35. Ar tharraing tú gruaig _______________? ☐
36. Ar sháih tú peann nó peann luaidhe ann/inti? ☐
37. Ar bhruigh tú é/í? ☐
38. Ar thug tú sonc dó/di? ☐
39. Ar thug tú cic dó/di? ☐
40. Ar bhuail tú é/í? ☐
41. Ar chaith tú uisce air/uirthi? ☐
42. Ar leag tú é/í? ☐
43. Ar chaith tú seile leis/léi? ☐
44. An bhfuair tú greim cloigne air/uirthi? ☐

# B3

## Feachtas Frith-Bhulaíochta

***Geallantas faoi Iompar***

***Ainm an dalta :__________________________ Rang: ____________***

Tá fhios agam go bhfuil na daltaí i mo scoil difiriúil óna chéile agus go bhfuil difríochtaí idir mé féin agus iad san freisin (dath gruaige, dath craicinn, maith/mall ag foghlaim, maith ag spórt, ciúin nó glórach). Níor mhaith liom nach mbeadh aon duine acu deas liom mar gheall ar na difríochtaí seo nó mar gheall ar nár thaitin mé leo. Tá fhios agam go bhfuil sé de cheart agam a bheith difriúil ó dhaltaí eile agus nach dtugann sé cead dóibh a bheith gránna liom. Agus tá sé de cheart agam meas agus cothroime a fháil lasmuigh den scoil freisin.

Tá fhios agam freisin gur cóir meas agus cothroime a thaispeaínt do gach dalta eile. Tugaim gealltanas mar sin go mbeidh meas agam i gcónaí as seo amach ar gach dalta eile is cuma cén difríocht atá eadrainn nó cén difríocht atá eadrainn nó cé acu a thaitníonn said liom nó nach dtaitníonn.

Scríobh anseo i "Taispeánfaidh mé meas ar ________________________ i gconaí".

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

**Síniú**: Dalta: ____________________________________ Dáta: ___/___/___

Múinteoir: ______________________________________________

**B5**

# Feachtas Frith-Bhulaíochta

**SCRÍOBH ISTEACH SNA BOSCAÍ AON AINMNEACHA/FOCAIL GRÁNNA ATÁ CLOISTE AGAT FAOI PHÁISTE I DO RANG**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

**DEÁN AN LEATHANACH SEO A CHRAPADH CHOMH MAITH AGUS IS FÉIDIR LEAT SEAS AIR MÁS MIAN LEAT. ANOIS OSCAIL AMACH AN LEATHANACH AGUS FÉACH AIR GO CÚRAMACH.**

**JO JO**



**FÉACH AR AN DAMÁISTE ATÁ DÉANTA D'AGHAIDH JO JO! ABAIR LE JO JO GO BHFUIL BRÓN ORT! CAD A THUGANN TÚ FAOI DEARA? AN BHFUIL BISEACH AR A AGHAIDH? AN BHFUIL GACH COLM IMITHE? NUAIR A DHEÁNANN TÚ BULAÍOCHT AR DHUINE FANANN NA MARCANNA GO DEO.**

**Ainm:** ______________________________ **Rang:** ______________